

Ní bheidh sé furasta, ach is féidir é... Coiste de Ghaeil curtha ar bun le Gaeltacht uirbeach nua a bhunú

Deir an t-údar agus díograiseoir **Ciarán**

Dunbar go

bhfuil seans

ann go

bhfuil glúin

úr de

laochra aimsithe againn faoi dheireadh



Tá sé breis agus 50 bliain ó bunaidh Pobal Feirste, lonnaithe lán-Ghaeilge ar Bhóthar Seoighe in iarthar Bheal Feirste.

Cé go ndearmadh na scórtha iarrachtaí Gaelphobail úra a bhunú ó thús na hathbheochana, níor éirigh ach le 'Bóthar Seoighe', Ráth Chairn agus Ard Barra i gCorcaigh.

Theip ar na hiarrachtaí eile ar fad. De ghnáth, ní mhealltar ach na Gaeilgeoirí is radacaí chuig a leithéid agus de ghnáth, titeann na hiarrachtaí seo as a chéile go tapa, mar gheall ar easpa spéise ar an chéad dul síos.

Ar a bharr sin, bíonn caismirí pearsanta, difríochtaí idé-eolaíochta agus easpa caitéil.

Mar sin é, is eol dúinn nach mbeadh sé furasta lonnaitheacht úr a thógáil i mBéal Feirste.

Is iomaí saineolai atá againn i saol na Gaeilge ach is annamh forbróir tithíochta inár measc.

Mar sin féin, tá tionchar Phobal Feirste soiléir - d'éirigh le hathbheochan na Gaeilge i mBéal Feirste ar dhóigh nárbh amhlaidh in aon áit eile. Is mar gheall ar laochra Bhóthar Seoighe é sin.

Seo chugainn glúin úr - an mbeidh an tomanas acu sin an aising a thiomní ina réaltacht - beidh le feiceáil.

Beidh go leor constaicí le sárú. Mo chomhairle féin? Cuirimhugh nach féidir leis an idé-eolaíocht teach a thógáil, ba gha go leor scileanna úra a fhoghlaim, déan cibé rud atá riachtanach.



SPRIOC: Jake Mac Siacais le baill choiste Lonnaitheoirí Loch Lao Caoimhe Ní Runaidh, Irial Ó Ceallaigh, Conor Torbóid agus Róisín Nic Liam an tseachtain seo

Ar lean ó leathanach 1

beartaíthe a thabhairt ar an fhorbairt úr. I measc na luachanna atá luaite i mbunreacht an chumainn, tá "an Ghaeilge a úsáid agus a chur chun cinn i ngach gné de shaol an phobail," "bhéith airdlealach ar an timpeallacht" agus "cinntiú go mbeidh an prionsabal um chóir dhómhionann ag croílár shaol phobal na lonnaithe."

Tá sé i gceist ag an chumann "conradh a dhreachtú do gach cónaitheoir le cinntiú go nglacann siad le luachanna

comóna an phobail mar choinníoll agus mar phromhadh maidir le cónaí sa lonnaitheacht."

Tá Mac Siacais cinnte go n-éireoidh leis an choiste "tomanta" seo Gaelphobal a bhunú. d'aimneoin go gcliseann ar na hiarrachtaí seo de le lonnaitheacht úr - creideann Mac Siacais gur riachtanach é áfach.

"Is mithid pobal láidir Gaeilge a lonnú sa Cheathrú Ghaelachta," a dúirt sé.

Is ceantar í an Cheathrú Ghaelachta ar Bhóthar na bhFál, áit a bhfuil an Chultúr-lann agus go leor eagraíochtaí

Siacais muimíneach gur féidir leo suíomh a fháil do na tithí teaghlacha agus do na hárasáin atá beartaíthe.

De bhri go bhfuil ag éirí go maith le hathneartú na Gaeilge i mBéal Feirste, ní bheadh gach duine ar aon fhocal go bhfuil gá le lonnaitheacht úr - creideann Mac Siacais gur riachtanach é áfach.

"Tá deacrachtaí ag Gaeil oga, cosúil leis an phobal i gcoitinne, tithíocht a aimsiú," a mhúinig sé.

"Tá seilbh ag tiarnaí talún príobháideacha ar thromlach na dtithe, agus tá monaplacht acu a ligeann dóibh a rogha ruda a dhéanamh.

"Beidh luachanna ar leith leis an phobal seo, agus tabharfaidh siad sampla do dhaoine eile in áiteanna eile chun aith-

ris a dhéanamh ar an tosaithe seo."

Dar le Mac Siacais, cé gur comh-thithíocht le luachanna comóna agus comhionannas atá i gceist ag an chumann, bheadh úinéireacht acu siúd a cheannaíonn teach sa lonnaitheacht ar a réadmhaoin féin.

Ach an mbeadh bealach ar bith ann chun a chinntiú nach ndíolfadh na húinéirí a gcuid tithe le daoine gan Gaeilge?

"Sin díreach an rud atá le fiosrú againn," a dúirt Mac Siacais.

Bhí comhairle ghonta ag duine de bhunaitheoirí Phobal Feirste do Lonnaitheoirí Loch Lao: "Glacfaidh sé obair!"

Comhairle Coitíse Átha Cliath Theas South Dublin County Council

- OIFIGEACH GAEILGE
- OIFIGEACH FOIRNE CÚNTA

Caithefear iarratais ar an gcomórtas seo a dhéanamh go leictreonach trínár láithreán gréasáin <https://sdccjobs.ie/>. Tá cáilíochtaí agus sonraí iomlána ar fáil ar ár láithreán gréasáin freisin <https://sdccjobs.ie/>.

Is é **12 meán oíche, Déardaoin 5ú Deireadh Fómhair 2023** an dáta is déanaí chun iarratais chomhlánaithe a fháil.

Dícheallófar go huathoibríoch mar gheall ar chanbhasáil. Is *Fostóir Comhdheiseanna i Comhairle Contae Átha Cliath Theas.*

Web: www.sdcc.ie



Feidh dan cobair: Baill den choiste nua an tseachtain seo

FOCLAÍOCHT AN FHÓGRA

Agus aird ar fhorálacha Alt 42B(i) den Acht Cairdeach Thionscail, 1946, tugann Comhchoiste Oibreachais an Tionscail Glantacháin ar Conradh fógra leis seo gur cheap sé fograí chun luach saothair agus coimhollacha oibre íosta a shocrú d'óibríthe a n-óibríonn an Coiste ina leith.

Tá cóipeanna de na tograí, ar iarratas Chomhchoiste Oibreachais um Ghlanóireacht ar Conradh, ar fáil ar shuíomh gréasáin na Cúirte Oibreachais www.labourcourt.ie

Feidfaidh aon duine ar mian leo uirlí a dhéanamh maidir leis na tograí i bhfoirm aighneachta i scríbhinn sin a dhéanamh faoina 5.00 i.n., **10 Deireadh Fómhair 2023**. Ba cheart uirlí a sheoladh tríd an bpost chuig: An Rúnaí, Comhchoiste Oibreachais an Tionscail Glantacháin ar Conradh, Áras Lansdún, Bóthar Lansdún, Baile Átha Cliath 4, nó ar ríomhphost go ilcsecretary@enterprise.gov.ie

Ní bhreitheofar uirlí a fhaightear i ndiaidh an dáta sin.